Culture and Creativity Plan 2017

Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Creative Ireland Programme Sligo
Clár Éire Ildánach Sligeach

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	6	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Sligo	8	Foireann Chlár Éire Ildánach Sligeach
Implementation	10	Cur i bhFeidhm
Projects for 2017	11	Tionscadail 2017
Promotional Events 2017	13	Imeachtaí Poiblíochta 2017

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

County Sligo's rich literary and cultural heritage is the inspirational back-drop to the Sligo Culture and Creativity Plan 2017. Sligo's acknowledged status as the cultural capital of the northwest has been greatly enhanced in recent years by the hosting of a series of major events and festivals. These events have showcased our wonderful county to an appreciative national and international audience.

These events have also served to energise our various local communities, and in this year when Sligo celebrates its accolade of 'European Capital of Volunteering 2017', it is timely to acknowledge the enormous contribution of our many volunteers for their exemplary work in supporting Creative Sligo in all its forms.

Sligo is now a truly cosmopolitan setting and the richness and diversity of new cultures and traditions have caused us to reflect with a new perspective on our own. The Sligo Plan is ambitious in its scope and inclusive in its preparation, it aims to harness and assimilate the creative people in our various communities – the special people who make Sligo an enchanting place to reside, work or visit.

Councillor Seamus Kilgannon
Cathaoirleach

Is ar oidhreacht inspioráideach shaibhir liteartha agus chultúrtha Chontae Shligigh atá Plean Cultúir agus Cruthaitheachta Shligigh 2017 bunaithe. Tá curtha go mór le stádas Shligigh mar phríomhionad cultúir an iarthuaiscirt le blianta beaga anuas mar gheall ar na mórimeachtaí agus féilte a bhí ann agus tá an contae álainn seo curtha i láthair lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta léirthuisceanach tríd na himeachtaí seo.

Toradh eile a bhí leis na himeachtaí sin ná go bhfuil na pobail éagsúla áitiúla spreagtha. Beifear ag déanamh ceiliúradh i mbliana ar Shligeach a bheith ainmnithe mar 'Príomhchathair Oibre Deonaí na hEorpa, 2017'. Is tráthúil, mar sin, aitheantas a thabhairt do na hoibrithe deonacha uile as an obair eiseamlárach acu chun tacú le gach gné de Shligeach Cruthaitheach.

Is áit ilchineálach, iltíreach anois é Sligeach agus mar gheall ar shaibhreas agus éagsúlacht na gcultúr agus na dtraidisiún nua, is mithid dúinn smaoineamh ar ár gcultúr agus ar ár dtraidisiún féin ar dhóigh úr. Tá Plean Shligigh uaillmhianach ó thaobh raoin de agus tá sé uileghabhálach freisin. Féachann sé leis na daoine cruthaitheacha a aimsiú agus a fhí isteach sna pobail éagsúla againn – daoine ar leith a dhéanann áit draíochta de Shligeach dóibh siúd atá ina gcónaí ann, a oibríonn ann agus a thagann ar cuairt.

An Comhairleoir Séamus Mac Giolla Gannon
An Cathaoirleach

The County of Sligo has been richly deserving of its title as cultural capital of the North West down through the decades with its many internationally renowned archaeological sites and monuments, its literary heritage and musical traditions. Sligo's awe inspiring landscapes have continued to influence the creative minds and spirits of many from artists to visitors while providing a wonderful backdrop to our communities living here.

Sligo County Council for many years has led and supported the continued development of culture within the County through its many arts, heritage and library based programmes and events. As co-ordinators of culture within the community, a role we carry out on an almost daily basis, we are particularly delighted to have the opportunity under the Creative Ireland Programme to fulfil the role of further enabling the communities we serve while fostering the continued growth of culture and creative industries within County Sligo.

Mr. Ciarán Hayes
Chief Executive

Tá clú ar Chontae Shligigh leis na scórtha bliain anuas mar phríomhionad cultúir an Iarthuaiscirt, agus tá an clú sin tuillte go maith aige mar gheall ar na suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí, ar an oidhreacht liteartha agus ar na traidisiúin cheoil a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Tá an tírdhreach maorga i Sligeach mar inspioráid aigne agus anama do dhaoine cruthaitheacha i gcónaí, ealaíontóirí agus cuairteoirí araon. Is álainn an suíomh é do na pobail atá ina gcónaí anseo.

Le blianta fada anuas, tá Comhairle Contae Shligigh mar thús cadhnaíochta agus mar chrann taca araon le forbairt an chultúir sa Chontae tríd na cláir agus imeachtaí ealaíon, oidhreachta agus leabharlainne againn. Is sinne comhordaitheoirí an chultúir sa phobal, ról a chomhlíonaimid ar bhonn laethúil, nach mór, agus tá lúcháir orainn an deis a bheith againn, trí Chlár Éire Ildánach, ár ról a threisiú maidir leis na pobail a mbímid ag freastal orthu a chumasú tuilleadh, agus san am céanna fás leanúnach na dtionscal cultúir agus cruthaitheachta i gContae Shligigh a chothú.

An tUasal Ciarán Ó hAodha
An Príomhfheidhmeannach

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, *Culture 2025 – Éire Ildánach*, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is éard is Clár Éire Ildánach ann Clár Oidhreachta an Rialtais le haghaidh Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana is ea é, ó 2017 go 2022, a chuireann an chruthaitheacht ag croílár beartas poiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardmhianach uile-rialtais is ea é chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol mhuintir an náisiúin sa dóigh gur féidir linn ár lánacmhainneacht chruthaitheachta a fhíorú go hindibhidiúil agus le chéile, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí.

Clár cultúrbhunaithe atá i gClár Éire Ildánach atá ceaptha le leas agus folláine an duine, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é bunús an chláir go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir mar spreagthach don chruthaitheacht phearsanta agus don chomhchruthaitheacht, agus go bhfuil impleachtaí suntasacha leis sin i dtaca le leas agus folláine agus éachtaí an duine aonair agus na sochaí.

Is trí Chlár Éire Ildánach go príomha a chuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí atá i gcáipéis bheartais an Rialtais, Cultúr 2025 – Éire Ildánach. Deirtear ann go bhfuil na healaíona agus an cultúr ina ndlúthchuid de Stát na hÉireann. Aithnítear freisin an gá atá le rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú. De réir na cáipéise, ní mór na tionscail chruthaitheachta a threisiú agus ár n-oidhreacht a chaomhnú, agus béim ar leith a chur ar theanga, ar thírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Is iad féiniúlacht, cultúr agus saoránacht na téamaí ar leith ar a bhfuil an clár bunaithe. Is iad Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú na croíphrionsabail oibriúcháin.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – *Enabling Creativity in Every Community*. This devolution of responsibility for the Creative Ireland Programme to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

This plan sets out the beginning of Sligo's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

Sligo County Council, in drafting our action plan, was very conscious of our role as coordinators of culture within the communities we serve. The action plan highlights some of the many events which Sligo County Council supports annually. Sligo is particularly well served by the cultural sector and this action plan is a mere sample of the level of creativity and culture to be found in County Sligo. Sligo has been to the fore in benefitting from the commitment of volunteers, in particular in the delivery of many cultural events throughout the County on an annual basis. Our action plan reflects Sligo's designation as European Volunteering Capital 2017.

Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm clár iomlán Éire Ildánach. Tá mandáid acu, agus acusan amháin, tríd na meithleacha cultúir acu, Colún 2 den chlár a chur i bhfeidhm, mar atá Bonn a Chur faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal. Bhí tionchar ollmhór ag na tionscadail chomhoibríocha a ndearna na rialtais áitiúla comhordú orthu le haghaidh Chomóradh 1916. Is mar gheall air sin a bhfuil an fhreagracht as Éire Ildánach á cur orthu anois.

Sa Phlean seo, leagtar amach na chéad chéimeanna i ról Shligigh san aistear cúig bliana. Aithnítear gur beartas náisiúnta fíorthábhachtach atá ann, é dírithe ar an gcultúr agus ar an leas agus folláine.

Agus ár bplean gnímh á dhréachtú againn, bhí aird Chomhairle Contae Shligigh go mór ar ár ról mar chomhordaitheoirí cultúir sna pobail a mbímid ag freastal orthu. Cuirtear béim sa phlean gnímh ar chuid de na himeachtaí a mbíonn Comhairle Contae Shligigh ag tacú leo ar bhonn bliantúil. Tá an earnáil chultúir i Sligeach láidir, agus níl sa phlean gnímh seo ach blaiseadh den leibhéal cruthaitheachta agus cultúir atá le fáil sa Chontae. Tá dúthracht na n-oibrithe deonacha i ndiaidh dul chun sochair go mór do Shligeach, go háirithe ó thaobh eagrú na n-imeachtaí cultúir uile a bhíonn ar siúl sa Chontae ó bhliain go bliain. Tá ainmniú Shligigh mar Phríomhchathair Oibre Deonaí na hEorpa, 2017 mar ghné lárnach dár bplean gnímh.

The Creative Ireland Team Sligo
FOIREANN CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH SLIGEACH

The team engaged to lead the Creative Ireland Programme in County Sligo (the Culture Team) will be coordinated by Donal Tinney, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. Sligo's Culture Team will work in two strands; as a Culture Team and also as a Working Group to fulfil certain deliverables.

The full members of the Culture Team are:

Ms. Dorothy Clarke
Director of Services, Team Leader
dclarke@sligococo.ie

Mr. Donal Tinney
County Librarian, Coordinator
dtinney@sligococo.ie

Ms. Margaret McConnell
Senior Executive Officer
mmconn@sligococo.ie

Ms. Pauline Brennan
Senior Executive Librarian
pbrenn@sligococo.ie

Beidh Dónal Tinney ag comhordú na meithle atá curtha le chéile le Clár Éire Ildánach i gContae Shligigh (an Foireann Chultúir) a stiúradh. Tá Dónal ar dhuine den 31 comhordaitheoir as fud fad na tíre atá ar an fhoireann náisiúnta atá ag obair le Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm. Beidh dhá chuid le Foireann Chultúir Shligigh: Foireann Chultúir agus Grúpa Oibre a chuirfidh tascanna áirithe i gcrích.

Is iad seo a leanas baill uile an Foireann Cultúir:

Dorothy Clarke
An Stiúrthóir Seirbhísí, Ceannaire na Meithle
dclarke@sligococo.ie

Dónal Tinney
An Leabharlannaí Contae, Comhordaitheoir
dtinney@sligococo.ie

Margaret McConnell
Oifigeach Feidhmeannach Sinsearach
mmconn@sligococo.ie

Pauline Brennan
Leabharlannaí Feidhmeannach Sinsearach
pbrenn@sligococo.ie

Mr. Michael Carty
Senior Executive Engineer
mcarty@sligococo.ie

Ms. Mary McDonagh
Public Arts Officer
mmcdonag@sligococo.ie

Mr. Stephen Walshe
Local Enterprise Officer
stephen.walshe@leo. sligococo.ie

Ms. Siobhán Ryan
Heritage Officer
sryan@sligococo.ie

Ms. Rhona McGrath
Music Generation Sligo
rmcgrath@sligococo.ie

Michael Carty
Innealtóir Feidhmeannach Sinsearach
mcarty@sligococo.ie

Mary McDonagh
Oifigeach na nEalaíon Poiblí
mmcdonag@sligococo.ie

Stephen Walshe
An tOifigeach Fiontair Áitiúil
stephen.walshe@leo. sligococo.ie

Siobhán Ryan
An tOifigeach Oidhreachta
sryan@sligococo.ie

Rhona McGrath
Glúin Cheoil Shligigh
rmcgrath@sligococo.ie

Implementation
CUR I BHFEIDHM

The Culture Team has strong relationships with the arts, heritage and creative sectors in Sligo through our websites, email and social media platforms as well as meeting representatives from the sectors both formally and informally throughout the year.

The projects selected for Creative Ireland funding will be publicised through all these channels of communication. Our Public Participation Network will also be utilised to publicise the projects and attract specific audiences as required. All projects will be publicised in all local newspapers and on local and community radio as well as on social media and through our extensive community networks.

The aim is to have a continuing dynamic process where the public assist in creating a resource for the entire community, a framework for creative engagement and collaboration and an accessible gateway to cultural creativity for everyone.

- Email List: creativeireland@sligococo.ie
- Twitter: @sligolib / @sligococo
- Facebook: facebook.com/sligocountycouncil/
- Regular reports to Sligo County Council
- Briefing of the SPC 4
- Features in local media both newspapers and radio

Tá caidreamh daingean ag an Meitheal Chultúir leis na hearnálacha ealaíon, oidhreachta agus cruthaitheacha i Sligeach trína suímh ghréasáin, trí ríomhphost agus tríd na meáin shóisialta; bímid ag bualadh le hionadaithe ó na hearnálacha seo go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil freisin i gcaitheamh na bliana.

Déanfar na tionscadail a roghnófar le haghaidh maoiniú Éire Ildánach a phoibliú trí na bealaí cumarsáide sin uile. Poibleofar na tionscadail trínár Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus meallfar an lucht féachana cuí de réir mar is gá. Poibleofar na tionscadail ar fad sna nuachtáin áitiúla uile, ar na stáisiúin raidió áitiúla agus phobail, ar na meáin shóisialta agus tríd na líonraí fairsinge pobail againn.

Is é an aidhm atá ann próiseas leanúnach dinimiciúil a bhunú ina mbíonn an pobal ag cuidiú le hacmhainn a chruthú don phobal iomlán. Táthar ag féachaint freisin le creat do rannpháirtíocht agus comhoibriú i gcúrsaí cruthaitheachta a cheapadh agus le tairseach inrochtana ar an gcruthaitheacht chultúrtha a bhunú do chách.

- Liosta ríomhphoist: creativeireland@sligococo.ie
- Twitter: @sligolib / @sligococo
- Facebook: facebook.com/sligocountycouncil/
- Cuirfear tuarascálacha rialta faoi bhráid Chomhairle Contae Shligigh
- Cuirfear tuarascálacha faoi bhráid Choiste na mBeartas Straitéiseach 4
- Beidh gné-ailt agus míreanna ar na meáin áitiúla, na nuachtáin agus na stáisiúin raidió araon

Projects
TIONSCADAIL

CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED/PART FUNDED PROJECTS FOR 2017

The Book Clinic
Sligo Library Service will host a 'Book Clinic' in June 2017 in each of its full time libraries and also on the Mobile Library. A 'Book Doctor' will have a consultation with young readers to ascertain their interests around books, movies, TV shows, video games and hobbies. The 'Doctor' then writes up a book prescription which is a personalised list of books which the child can then take to their local library to have filled. 28 - 29 June 2017

Cairde Festival
Cairde Sligo Arts Festival presents Street FEST in conjunction with Creative Ireland 2 to 6pm, Stephen St. Car Park. Enjoy the frolics & fun of our fabulous street fest in the heart of Sligo town. Join us for a celebration of circus and street theatre featuring Ouch Entertainment's Yodel where contemporary circus meets traditional Alpine culture, circus skills workshops, art and craft workshops and a range of madcap walkabout characters. 15 July 2017

Fiche Bliain ag Fás
Banada Community celebrates 20 years of Community Development and delivery of services. A day of music and poetry, 23 July 2017

TIONSCADAIL MHAOINITHE/ PHÁIRTMHAOINITHE IN 2017 AG CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

Cóisir Tae agus Fold and Rise
ImeaClinic Leabhar
Beidh 'Clinic Leabhar' ag Seirbhísí Leabharlann Shligigh i mí an Mheithimh 2017 i ngach ceann de na leabharlanna lánaimseartha agus sa Leabharlann Taistil freisin. Labhróidh 'Dochtúir na Leabhar' le léitheoirí óga lena fháil amach céard iad na hábhair is mó a gcuireann siad spéis iontu ó thaobh leabhar, scannán, cláir teilifíse, cluichí ríomhaireachta agus caithimh aimsire de. Déanfaidh an 'Dochtúir' oideas pearsanaithe ansin: liosta leabhar ar féidir leis an bpáiste é a thabhairt chuig an leabharlann áitiúil lena bhfáil ar iasacht. 28 - 29 Meitheamh, 2017

2Féile Chairde
Beidh féile sráide ar siúl, i gcomhar le hÉire Ildánach, mar chuid d'Fhéile Ealaíon Shligigh, Cairde, ar 2-6in i gcarrchlós Shráid Stiofáin. Bain sult agus spraoi as an bhféile sráide iontach seo i gcroílár bhaile Shligigh. Glac páirt sa cheiliúradh ar an sorcas agus ar amharclannaíocht sráide le Yodel ó Ouch Entertainment. Beidh meascán den sorcas comhaimseartha agus den chultúr traidisiúnta Alpach ann. Beidh ceardlanna i scileanna sorcais agus in ealaín agus ceirdeanna ann, agus beidh carachtair iontacha agus aisteacha ag siúl thart faoin áit. 15 Iúil, 2017

Fiche Bliain ag Fás
Ceiliúradh ag Pobal Banada ar scór bliain a bheith caite acu i mbun Forbairt Phobail agus seirbhísí a chur ar fáil. Lá ceoil agus filíochta. 23 Iúil, 2017

Exhibition on the life and work of W. G. Wood-Martin
To mark the centenary of the death of W. G. Wood-Martin, the renowned archaeologist and local historian, Sligo Museum in conjunction with IT Sligo, will curate a travelling exhibition based upon the life and work of W. G. Wood-Martin. September to November 2017

Music Literacy
Music Generation in conjunction with Sligo County Council Libraries will commence a weekly class for children & young people age 9+ and an accompanying adult. The aim of the programme is to develop participants' understanding of Music Literacy. Classes will introduce participants to reading and writing musical notation, listening to a variety of music, composition, music technology and more. September to November 2017

Creative Landscape A Video/Film
Sligo Local Enterprise Office will produce a short film piece celebrating and promoting Sligo's unique place in the Irish creative landscape, highlighting the breadth and quality of the creative enterprises spread throughout the county. Launch Autumn 2017

Taispeántas faoi shaol agus faoi shaothar W.G. Wood-Martin
Mar chomóradh ar 100 bliain ó bhásaigh W.G. Wood-Martin, seandálaí agus staraí áitiúil aitheanta, beidh taispeántas ag Músaem Shligigh, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh, bunaithe ar shaol agus ar shaothar W.G. Wood-Martin. Beidh an taispeántas ar siúl in ionaid éagsúla, Meán Fómhair go Samhain, 2017

Litearthacht an Cheoil
Cuirfidh Glúin Cheoil (Music Generation) tús, i gcomhar le Leabharlanna Chomhairle Contae Shligigh, le rang seachtainiúil do pháistí agus do dhaoine óga 9 mbliana d'aois agus níos sine agus do dhaoine fásta a thiocfaidh chuig na ranganna leo. Tuiscint ar Litearthacht an Cheoil a fheabhsú aidhm an chláir. Cuirfidh na rannpháirtithe eolas ar nodaireacht cheoil, sa dóigh go mbeidh siad in ann í a léamh agus a scríobh, ar theicneolaíocht an cheoil agus ar nithe eile nach iad. Meán Fómhair go Samhain 2017

Réimse na Cruthaitheachta: Físeán/Scannán
Déanfaidh Oifig Fiontair Áitiúil Shligigh gearrscannán chun ceiliúradh a dhéanamh ar ról uathúil Shligigh i réimse na cruthaitheachta in Éirinn, agus leis an ról sin a chur chun cinn. Cuirfear béim ar raon leathan agus ar cháilíocht ard na bhfiontar cruthaitheach atá lonnaithe ar fud an chontae. Seolfar é san fhómhar, 2017

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

William Bourke Cockran 1854 - 1923
An exhibition dedicated to the political life and work of the Sligo born William Burke Cockran will be unveiled in City Hall, Sligo, on Thursday, 4th May and will run throughout the month of May. Bourke Cockran was a highly regarded and influential politician and an orator of tremendous repute in the United States. 5 - 26 May 2017 (Monday to Friday only)

Music in the Street Festival
A festival with the objective of bringing music and creativity to the community. Programming will be by local and visiting artists many of who are performing free of charge to give back to the community. Part of the weekend activities will involve a fun and fundraising initiative to virtually cover the Garavogue Bridge with coins. All funds raised to go to NW Hospice. Partnership Development Team of SCC, BID, Comhaltas, Abbott and North West Hospice. 3 - 5 June 2017

Street Feast
Through Street Feast communities are encouraged to participate in this annual event with the aim of promoting good community relations. Street Feast is the national day of street parties celebrating communities through the sharing of food and conversation with neighbours. 11 June 2017

William Bourke Cockran 1854 - 1923
Osclófar taispeántas faoi shaol agus faoi shaothar polaitíochta William Burke Cockran, a rugadh i Sligeach, i Halla na Cathrach, Sligeach, Déardaoin, an 4ú Bealtaine. Beidh sé ar siúl go deireadh na míosa sin. Bhí an-mheas ar Bourke Cockran sna Stáit Aontaithe mar pholaiteoir agus mar óráidí. Bhí tionchar mór aige ar chúrsaí ann. 5 - 26 Bealtaine 2017 (Luan go hAoine amháin)

Féile an Cheoil ar an Sráid
Féile í seo a bhfuil sé mar chuspóir aici an ceol agus an chruthaitheacht a mhúscailt sa phobal. Beidh an clár á chur le chéile ag ceoltóirí áitiúla agus ceoltóirí as baile isteach agus ní bheidh táille ar bith á ghearradh acu as a bheith ag seinm ag an bhféile, óir is mian leo an ceol a chur ar fáil saor in aisce don phobal. Beidh imeacht ann ag an deireadh seachtaine le hairgead a thiomsú d'Oispís an Iarthuaiscirt. Clúdófar Droichead na Garbhóige go fíorúil le boinn airgid. Foireann Forbairt Chomhpháirtíochta Chomhairle Contae Shligigh, BID, Comhaltas, Abbott agus Oispís an Iarthuaiscirt. 3 - 5 Meitheamh 2017

Féasta Sráide (Street Feast)
Tríd an bhFéasta Sráide, spreagtar pobail le bheith rannpháirteach san imeacht bliantúil seo a bhfuil sé mar aidhm leis dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn. Lá náisiúnta de chóisirí sráide atá san Fhéasta Sráide le ceiliúradh a dhéanamh ar phobail trí bhia a chomhroinnt agus trí sheal comhrá a dhéanamh leis na comharsana. 11 Meitheamh 2017

Farewell Open Air Session
On the final day of the South Sligo Summer School, the school will host a "Farewell Open Air Session" of traditional Irish music performed by both pupils and tutors. The sessions will project the rich traditional music style of South Sligo. The event is to be held at 2pm in Wolfe Tone Square, Tubbercurry, County Sligo. 15 July 2017

Tread Softly
A William Butler Yeats and Family related arts festival programme in conjunction with the established Yeats International Summer School. A diverse arts festival celebrating and promoting Sligo's and Yeats unique place in the Irish creative landscape delivered through an exciting programme of free events throughout County Sligo. 20 – 30 July 2017

Installation: Entirely Hollow Aside From The Dark, Sligo
Artist: Alan James Burns Writer: Sue Rainsford Sound: Ian Dunphy, 19 channel sound performance, 40 min event. Kesh Caves, Keshcorran, County Sligo. A psycho-acoustic performance in the Kesh Caves. A documentary will be made to accompany the installation.
July 2017

Yeats Summer School
A special production will take place for the final night of the Yeats Summer School of W. B. Yeats play "The Cat and The Moon" by The Blue Raincoat Theatre Company. This performance will commemorate the centenary of the first production of The Cat and the Moon.
29 July 2017

Seisiún Scoir Faoin Spéir
Beidh Seisiún Scoir Faoin Spéir ar siúl ar an lá deireanach de Scoil Samhraidh Shligigh Theas. Beidh daltaí agus múinteoirí na scoile ag seinm ceol traidisiúnta. Beidh stíl shaibhir cheoil thraidisiúnta Shligigh Theas chun cinn sa seisiún a bheidh ar siúl ar 2in i gCearnóg Wolfe Tone, Tobar an Choire, Contae Shligigh. 15 Iúil 2017

Tread Softly
Féile ealaíon í seo a bhaineann le William Butler Yeats agus a Mhuintir. Tá sí á heagrú i gcomhar le Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats, ar imeacht seanbhunaithe é. Féile ealaíon éagsúil í seo a dhéanann ceiliúradh ar ról uathúil Shligigh agus Yeats araon i réimse na cruthaitheachta in Éirinn. Tá clár bisiúil imeachtaí saora beartaithe ar fud Chontae Shligigh. 20 – 30 Iúil 2017

Suiteáil: Entirely Hollow Aside From The Dark, Sligeach
Alan James Burns an t-ealaíontóir, Sue Rainsford an scríbhneoir agus Ian Dunphy an t-innealtóir fuaime. Seo taibhléiriú fuaime 19 gcainéal a mhaireann 40 bomaite. Uaimheanna na Céise, Céis Chorainn, Contae Shligigh. Taibhléiriú síocacústaice in Uaimheanna na Céise. Déanfar clár faisnéise le dul leis an suiteáil. Iúil 2017

Scoil Samhraidh Yeats
Beidh léiriú speisialta ann an oíche dheireanach de Scoil Samhraidh Yeats de dhráma W.B. Yeats "The Cat and The Moon" le compántas amharclannaíochta Blue Raincoat. Beidh an léiriú seo mar chomóradh ar 100 bliain ó léiríodh "The Cat and the Moon" den chéad uair.
29 Iúil 2017

Launch of Archaeology Ireland Heritage Guide for Carrowmore / Knocknarea / Carns Hill, Co. Sligo
Sligo County Council in partnership with the Office of Public Works (Visitor Services) commissioned Archaeology Ireland to produce a heritage guide for the Internationally important Neolithic landscape of Carrowmore/Knocknarea/Carns Hill in Co. Sligo. The Heritage Guide opens out to a three page spread, giving details and illustrations of the site described. The Heritage Guide will be launched during Heritage Week 2017. It will also be distributed free to subscribers of Archaeology Ireland in September 2017 to coincide with the 30th anniversary edition of Archaeology Ireland.
19 - 27 August 2017 (National Heritage Week)

Launch of Archaeology Ireland Heritage Guide to the Spanish Armada
Sligo County Council in partnership with the National Monuments Service of the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs commissioned Archaeology Ireland to produce a heritage guide for the internationally important Spanish Armada wreck site at Streedagh, in Co. Sligo. The Heritage Guide opens out to a three page spread, giving details and illustrations of the site described. The Heritage Guide will be launched during the Celtic Fringe Festival 21-24 September 2017, in partnership with the Grange & Armada Development Association. It will also be distributed free to subscribers of Archaeology Ireland in December 2017.
21 – 24 September 2017

Seoladh Treoir Oidhreachta Archaeology Ireland ar an gCeathrú Mhór / Cnoc na Riabh / Carns Hill, Contae Shligigh
Choimisiúnaigh Comhairle Contae Shligigh, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (Seirbhísí do Chuairteoirí), Archaeology Ireland le treoir oidhreachta a dhéanamh ar an tírdhreach neoiliteach ar an gCeathrú Mhór/Cnoc na Riabh/ Carns Hill i gContae Shligigh, a bhfuil tábhacht leis go hidirnáisiúnta. Osclaíonn an Treoir Oidhreachta amach ina trí leathanach agus tá sonraí ann faoin áit atá i gceist, mar aon le léaráidí de. Seolfar an Treoir Oidhreachta le linn Sheachtain na hOidhreachta 2017. Dáilfear saor in aisce é ar shíntiúsóirí Archaeology Ireland i mí Mheán Fómhair 2017, eagrán comórtha 30 bliain Archaeology Ireland. 19 - 27 Lúnasa 2017
(An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta)

Seoladh Treoir Oidhreachta Archaeology Ireland ar an Armada Spáinneach
Choimisiúnaigh Comhairle Contae Shligigh, i gcomhar le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Archaeology Ireland le treoir oidhreachta a dhéanamh ar shuíomh longbhriseadh an Armada Spáinneach sa Srithideach i gContae Shligigh, áit a bhfuil tábhacht leis go hidirnáisiúnta. Osclaíonn an Treoir Oidhreachta amach ina trí leathanach agus tá sonraí ann faoin áit atá i gceist, mar aon le léaráidí de. Seolfar an Treoir Oidhreachta le linn na hImeallfhéile Ceiltí, 21-24 Meán Fómhair 2017, i gcomhar le Cumann Forbartha na Gráinsí agus an Armada. Dáilfear freisin é saor in aisce ar shíntiúsóirí Archaeology Ireland i mí na Nollag 2017.
21 – 24 Meán Fómhair 2017

Coding Club
Establish a Coding Club for children in conjunction with Sligo Central Library and Tubbercurry Community Library. September 2017

Storytelling Workshop
Sligo has great tradition for storytelling and Sligo Library will arrange a series of workshops around the gathering and collecting of local stories and traditions. September 2017

Creative Industries Marketing 'Tune-Up' Events
The creation of beautiful products is always at the forefront of the creative entrepreneur. However, it's equally as important that their work is being properly showcased to a world-wide market. Sligo LEO will offer a series of marketing 'tune-up' events for the creative sector, encompassing Business Website Review Clinics and Social Media Clinics. These will focus on objectively reviewing both their website and various social media platforms, then working with the creator on an individual 1-1 basis to assist them to implement recommended improvements and ensure their intent and social media presence is working hard to promote their creative excellence to as wide a customer base as possible. September / October 2017

Culture Night
As part of Sligo's Culture Night programme a specially commissioned work celebrating the contemporary culture of Sligo will be unveiled. 22 September 2017

Cumann Códála
Cumann Códála a bhunú do pháistí i gcomhar le Leabharlann Lárnach Shligigh agus le Leabharlann Phobail Thobar an Choire. Meán Fómhair 2017

Ceardlánn Scéalaíochta
Tá traidisiún mór scéalaíochta i Sligeach. Eagróidh Leabharlann Shligigh sraith de cheardlanna faoi scéalta áitiúla a bhailiú agus faoi thraidisiúin áitiúla. Meán Fómhair 2017

Imeachtaí Feabhsú Margaíochta do na Tionscail Chruthaitheacha
Bíonn an fiontraí cruthaitheach i gcónaí ag iarraidh táirgí galánta a chruthú. Tá sé chomh tábhachtach céanna, áfach, a s(h)aothar a chur faoi bhráid an mhargaidh dhomhanda ar an dóigh cheart. Cuirfidh Oifig Fiontair Áitiúil Shligigh sraith d'imeachtaí feabhsú margaíochta ar fáil do lucht earnáil na cruthaitheachta. Beidh Clinicí Athbhreithniú Suíomhanna Gréasáin Gnó agus Clinicí Meán Cumarsáide ann. Déanfar athbhreithniú oibiachtúil ar shuíomh gréasáin agus ar ardáin an fhiontraí ar na meáin shóisialta. Ansin, oibreoidh an fiontraí le comhairleoir, duine le duine, a thabharfaidh cuidiú le feabhsuithe molta a chur i bhfeidhm agus a chinnteoidh go bhfuil an tairbhe is fearr agus is féidir á bhaint as na meáin shóisialta chun feabhas cruthaitheachta an fhiontraí a chur chun tosaigh agus faoi bhráid a oiread custaiméirí agus is féidir. Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2017

Oíche Chultúir
Nochtfar saothar sainchoimisiúnaithe a dhéanann ceilúradh ar chultúr comhaimseartha Shligigh mar chuid de chlár Oíche Chultúir Shligigh. 22 Meán Fómhair 2017

Armada Conference
Grange and Armada Development Association: Armada International Conference 2017 - A Gathering Storm – Bringing the Spanish Armada into the 21st Century and Beyond. Creative Ireland will sponsor a speaker to the Gathering Storm Conference at the Clayton Hotel, Sligo. The conference will bring together specialists and scholars working on Armada studies with a view to taking historical research and archaeological investigation forward in a collaborative and co-operative approach across the globe. The conference will also showcase to an International audience all that Sligo and the North West can offer in the way of spectacular scenery, music, culture and food. 22 – 24 September 2017

Five Centuries of 'The Land' in Irish Society
Sligo Field Club's 9th Annual Conference, "Rise and Fall of the Landed Estates in the North West" will commemorate the place of 'the land' in Irish society in the Northwest of Ireland over five centuries. 7 October 2017

Cromlechs, Crannógs & Cures: A Celebration of the Life and Work of Antiquarian, W. G. Wood-Martin
A Conference celebrating the life and work of W. G. Wood-Martin the Sligonian who was one of the leading lights in the world of Archaeological research in the late 19th and early 20th centuries. Wood-Martin wrote major publications in the field of archaeology and on the local history of Sligo, along with the military history of the Enniskilleners'. 18 November 2017

Comhdháil ar an Armada
Cumann Forbartha na Gráinsí agus an Armada: Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Armada 2017: Stoirm Chugainn – An Armada Spáinneach sa 21ú hAois agus Amach Anseo. Déanfaidh Éire Ildánach urraíocht ar chainteoir ag an gComhdháil in Óstán Clayton, Sligeach. Beidh speisialtóirí agus lucht léinn a bhíonn ag déanamh staidéir ar an Armada ag an gcomhdháil agus féachfar le taighde ar an stair agus fiosrú seandálaíochta a thabhairt ar aghaidh le cur chuige comhoibríoch idir daoine i ngach cearn den domhan. Beidh na gnéithe is fearr a bhaineann le Sligeach agus leis an Iarthuaisceart ar taispeáint don lucht féachana idirnáisiúnta a bheidh ar an gcomhdháil, an tírdhreach maorga, ceol, cultúr agus bia san áireamh. 22 – 24 Meán Fómhair 2017

Eastáit na nUaisle i Sochaí na hÉireann le Cúig Chéad Bliain Anuas
Déanfar comóradh ag an 9ú Comhdháil Bliantúil de chuid Chumann Allamuigh Shligigh, "Éirí agus Titim Eastáit na nUaisle san Iarthuaisceart", ar ról eastáit na n-uaisle i sochaí iarthuaisceart na hÉireann thar thréimhse 500 bliain. 7 Deireadh Fómhair 2017

Cromleaca, Crannóga agus Leigheasanna: Ceiliúradh ar Shaol agus ar Shaothar an Ársaitheora, W.G. Wood-Martin
Comhdháil a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar W.G. Wood-Martin, fear de bhunadh Shligigh a bhí mar thús cadhnaíochta i saol an taighde seandálaíochta go mall sa 19ú haois agus go luath sa 20ú haois. Scríobh Wood-Martin mórfhoilseacháin i réimse na seandálaíochta agus na staire áitiúla faoi Shligeach. Scríobh sé faoi stair mhíleata na Enniskilleners freisin. 18 Samhain 2017

Sligo Public Participation Network: Active Citizenship
A conference to be held in Sligo targeted at all PPNs nationally, support workers and the not for profit sector. The aim is to consider and develop topics such as Active Citizenship and Improved engagement from Community and Voluntary sector into decision making. November 2017

European Volunteering Capital, Sligo 2017
Sligo is the European Volunteering Capital for 2017. A year long programme of events is underway to continue this theme. The end of year will be marked with a closing cultural event to celebrate the year as a Volunteer Capital. The event will attempt to leave a fitting legacy which will highlight the importance of the year of designation and how it has enhanced community engagement and encouraged creativity within and between communities. December 2017

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Shligigh: Saoránacht Ghníomhach
Comhdháil i Sligeach dírithe ar na líonraí rannpháirtíochta poiblí ar fud na tíre, ar oibrithe tacaíochta agus ar earnáil na n-eagras neamhbhrabúis. Is é an aidhm atá ann machnamh a dhéanamh ar ábhair mar Shaoránacht Ghníomhach agus iad a fhorbairt, agus rannpháirtíocht lucht na hearnála Pobail agus Deonaí i ndéanamh cinntí a fheabhsú. Samhain 2017

Príomhchathair Oibre Deonaí na hEorpa, Sligeach 2017
Is í Sligeach Príomhchathair Oibre Deonaí na hEorpa 2017. Tá clár bliana imeachtaí bunaithe ar an téama seo faoi lán seoil cheana féin. Beidh imeacht cultúir ann ag deireadh na bliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar an mbliain mar Phríomhchathair na hOibre Deonaí. Tríd an imeacht seo, beifear ag iarraidh oidhreacht oiriúnach a fhágáil inár ndiaidh a léiríonn cé chomh tábhachtach a bhí an bhliain, conas a chuir sé le rannpháirtíocht an phobail agus conas a chuir sé an chruthaitheacht chun cinn laistigh de phobail agus idir phobail. Nollaig 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022